Eanáir 2026

# Athbhreithniú Seachtrach Dearbhaithe Cáilíochta ar Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha

## Téarmaí Tagartha

CINNTE

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# Clár

**1. Cúlra agus comhthéacs an athbhreithnithe....................2**

**2. Cuspóirí agus critéir....................3**

2.1. Cuspóirí an athbhreithnithe (lena n-áirítear réimsí táscacha le hiniúchadh)....................3

**Cuspóir 1: Rialachas agus bainistíocht cáilíochta....................3**

**Cuspóir 2: Rochtain, aistriú agus forchéimniú (RAF)....................4**

**Cuspóir 3: Teagasc, foghlaim agus measúnú....................5**

**Cuspóir 4: Féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú....................5**

2.2. Réimsí speisialta le cur san áireamh....................6

2.3. Torthaí an athbhreithnithe....................6

2.4. Iar-obair iar-athbhreithnithe....................7

**3. Próiseas an athbhreithnithe....................8**

3.1. Foireann an athbhreithnithe....................8

3.2. Próiseas agus amlínte an athbhreithnithe....................9

**Aguisín A: Acmhainní úsáideacha....................12**

**Aguisín B: Cuspóirí an athbhreithnithe sheachtraigh um dhearbhú cáilíochta.....................13**

# 1. Cúlra agus comhthéacs an athbhreithnithe

Faoi phróiseas CINNTE, leagtar amach sna téarmaí tagartha seo amach an tslí a ndéantar athbhreithnithe seachtracha dearbhaithe cáilíochta (DC) do sholáthraithe neamhspleácha agus príobháideacha a bhfuil a nósanna imeachta DC ceadaithe ag QQI. Déantar na hathbhreithnithe de réir an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasaithe) (2012 Acht).

Mar chuid dá n-oibleagáidí seachtracha DC, ceanglaítear ar sholáthraithe dul faoi athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanann QQI. Déantar na hathbhreithnithe seo faoi Ailt 27(b) agus 34 d'Acht 2012, a cheanglaíonn ar QQI éifeachtacht agus cur i bhfeidhm nósanna imeachta DC soláthraí a mheas.

Baineann Croí-threoirlínte QQI um Dhearbhú Cáilíochta le gach soláthraí agus sainítear iontu a bhfreagrachtaí i dteannta a chéile as cáilíocht a choinneáil agus a fheabhsú. Leagtar béim sna treoirlínte gur ar na soláthraithe atá an phríomhfhreagracht maidir le cáilíocht agus dearbhú cáilíochta. Is comhpháirteanna riachtanacha de chóras éifeachtach DC soláthraí iad féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú rialta. Ceanglaítear ar sholáthraithe neamhspleácha agus príobháideacha a chinntiú go léiríonn a gcuid córas DC ina n-iomláine Treoirlínte Sain-earnála QQI um Dhearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha.

Leagtar amach i mBeartas QQI um Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais raon feidhme, cuspóir, critéir agus cur chuige na n-athbhreithnithe seo.

### RAON FEIDHME

Bíonn soláthraithe neamhspleácha agus príobháideacha éagsúil ó thaobh méide, comhthéacs agus na gclár a chuireann siad ar fáil. Scrúdaítear sa phróiseas athbhreithnithe seo raon feidhme iomlán soláthar agus seirbhísí gaolmhara soláthraí do chláir as a leanann dámhachtainí QQI, ag cinntiú go léiríonn an mheastóireacht comhthéacs sonrach gach soláthraí. Tacóidh torthaí an athbhreithnithe le feabhsuithe leanúnacha DC laistigh de sholáthraithe aonair agus ar fud na hearnála. Féach Aguisín A.

### CUSPÓIR

Is é is cuspóir le hathbhreithniú seachtrach DC meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh héifeachtach agus a bhainistíonn soláthraí a chóras inmheánach DC chun:

- tacú le feabhsú leanúnach i seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí
- taithí fhoriomlán an fhoghlaimeora a fheabhsú
- faisnéis phoiblí iontaofa a sholáthar faoi cháilíocht agus bailíocht clár atá bailíochtaithe ag QQI as a leanann dámhachtainí sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Féach Aguisín B.

# 2. Cuspóirí agus critéir

## 2.1. CUSPÓIRÍ AN ATHBHREITHNITHE (LENA N-ÁIRÍTEAR RÉIMSÍ TÁSCACHA LE HINIÚCHADH[1])

Is é príomhchuspóir an athbhreithnithe cáilíochta sheachtraigh ná cur i bhfeidhm agus éifeachtacht nósanna imeachta DC soláthraí a mheas. Tá na téarmaí tagartha dírithe ar cheithre phríomhchuspóir:

1. Rialachas agus bainistíocht cáilíochta
2. Rochtain, aistriú agus forchéimniú (RAF)
3. eagasc, foghlaim agus measúnú
4. Féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú

## CUSPÓIR 1: RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT CÁILÍOCHTA

### Cuspóir

Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na socruithe rialachais agus bainistíochta DC, lena n-áirítear struchtúir agus freagrachtaí cinnteoireachta.

### Na critéir

Breithneofar san athbhreithniú cibé an léiríonn an soláthraí:

- tiomantas soiléir agus straitéiseach do DC agus d'fheabhsúcháin
- róil agus freagrachtaí sainithe DC ag gach leibhéal eagraíochtúil
- próisis chinnteoireachta trédhearcacha a choinníonn deighilt idir tosaíochtaí corparáideacha agus acadúla
- beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe atá ailínithe le ceanglais reachtúla agus rialála
- socruithe éifeachtacha maidir le dearadh, formheas, monatóireacht agus athbhreithniú clár
- meicníochtaí le haghaidh feabhsúcháin leanúnacha, bunaithe ar mhonatóireacht agus athbhreithniú inmheánach

### Réimsí táscacha le hiniúchadh

- ailíniú socruithe DC le misean agus straitéis an tsoláthraí
- struchtúir rialachais agus téarmaí tagartha chun DC a bhainistiú
- forbairt, formheas agus inrochtaineacht na mbeartas agus na nósanna imeachta

1 Ní chuimsítear sna nithe táscacha a aibhsítear do gach cuspóir an raon iomlán réimsí a d'fhéadfaí a iniúchadh le linn an athbhreithnithe. Tá an cumas ag an bhfoireann athbhreithnithe é seo a leathnú laistigh de raon feidhme Chroí-Threoirlínte Reachtúla QQI maidir le DC agus treoirlínte earnála ar leith de réir mar is cuí. Tá samplaí de cheisteanna féideartha a d'fhéadfaí a úsáid san áireamh in Aguisín C.

- earcú, forás agus rannpháirtíocht na foirne i bpróisis cháilíochta
- próisis forbartha agus athbhailíochtaithe clár
- úsáid sonraí agus córas faisnéise chun tacú le cinnteoireacht fianaisebhunaithe
- faisnéis phoiblí agus cumarsáid faoi DC
- bainistíocht socruithe comhoibríocha le comhpháirtithe seachtracha, i gcás inarb infheidhme

## CUSPÓIR 2: ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ (RAF)

### Cuspóir

Meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá beartais agus nósanna imeachta trína dtacaítear le RAF foghlaimeoirí.

### Na critéir

Breithneofar mar chuid den athbhreithniú:

- an bhfuil na próisis iontrála cothrom agus trédhearcach
- an bhfuil cosáin agus socruithe altaithe ann trína dtacaítear le forchéimniú foghlaimeoirí (lena n-áirítear iontráil ag céim chun cinn)
- an dtugtar aitheantas don réamhfhoghlaim, lena n-áirítear foghlaim neamhfhoirmiúil agus mhífhoirmiúil
- an gcuirtear faisnéis chruinn agus sothuigthe ar fáil d’fhoghlaimeoirí
- an bhfuil comhoibriú ann trína dtacaítear le soghluaisteacht foghlaimeoirí ar fud na hearnála oideachais treasaigh

### Réimsí táscacha le hiniúchadh

- monatóireacht ar RAF foghlaimeoirí i ngach clár agus dámhachtain
- a éifeachtaí atá na próisis chun forchéimniú agus rátaí críochnaithe a rianú
- a sholúbtha atá na cosáin foghlama chun freastal ar riachtanais éagsúla foghlaimeoirí
- soiléire agus oiriúnacht na gcritéar iontrála
- an gcuirtear beartais d’aitheantas réamhfhoghlama i bhfeidhm agus cad é a dtionchar
- cáilíocht agus comhsheasmhacht na faisnéise a chuirtear ar fáil d’fhoghlaimeoirí

## CUSPÓIR 3: TEAGASC, FOGHLAIM AGUS MEASÚNÚ

### Cuspóir

Meastóireacht a dhéanamh ar shocruithe trína gcinntítear foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán agus eispéireas dearfach don fhoghlaimeoir.

### Na critéir

Breitheofar mar chuid den athbhreithniú:

- monatóireacht agus breisiú ar an timpeallacht foghlama agus ar na modhanna seachadta
- cleachtais mheasúnaithe atá daingean, cothrom agus trédhearcach agus trína gcosnaítear an bhailíochtacht agus an iomláine
- bainistiú éifeachtach ar thaifigh foghlaimeoirí trí chórais dhigiteacha iontaofa
- seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a bheith ar fáil agus comhsheasmhach i ngach suíomh

### Réimsí táscacha le hiniúchadh

- próisis chun monatóireacht agus feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht an eispéiris foghlama
- dearbhú maidir le bailíocht, iontaofacht, iomláine agus slándáil na measúnachta, lena n-áirítear aitheantas réamhfhoghlama
- meicníochtaí aiseolais agus an ról atá acu i mbreisiú na gcleachtas measúnachta
- bainistiú agus iomláine na dtaifead foghlaimeora agus an bhonneagair dhigitigh
- pleanáil agus monatóireacht ar sheirbhísí tacaíochta don fhoghlaimeoir

## CUSPÓIR 4: FÉINMHEASTÓIREACHT, MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

### Cuspóir

Measúnú a dhéanamh ar shocruithe an tsoláthraí chun monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar a chóras DC agus ar sheirbhísí gaolmhara

### Na critéir

Breitheofar mar chuid den athbhreithniú:

- próisis fianaisebhunaithe chun pleanáil, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar DC
- meicníochtaí cuimsitheacha agus ionchuimsitheacha maidir le féinmheastóireacht agus iar-obair
- socruithe chun cláir a athbhreithniú agus a athbhailíochtú le cinntiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm
- forléargas ar chomhpháirtíochtaí comhoibríocha chun cáilíochta agus cuntasacht a chinntiú

### Réimsí táscacha le hiniúchadh

- próisis le haghaidh féinmheastóireacht agus iar-obair straitéiseach
- meicníochtaí chun cláir a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhreisiú

- monatóireacht ar ghníomhaíochtaí foghlama atá comhtháite leis an obair (nuair is cuí)
- maoirseacht rialachais ar chomhpháirtíochtaí seachtracha agus comhoibríocha

## 2.2. RÉIMSÍ AR LEITH LE CUR SAN ÁIREAMH

Chomh maith leis na príomhchuspóirí, féadfaidh an t-athbhreithniú réimsí sonracha a shainaithnítear le meastóireacht bhreise a dhéanamh orthu. Féadfaidh QQI na réimsí seo a mholadh nó féadfaidh an soláthraí iad a aibhsiú ina thuarascáil féinmheastóireachta (TF). Féadfaidh siad a bheith bainteach le nithe a bhfuil tábhacht straitéiseach leo, rioscaí atá ag teacht chun cinn, socruithe rialachais nó cleachtais a bhfuil iniúchadh níos géire de dhíth orthu. Déanfar aon réimsí le haghaidh breithniú speisialta a dhoiciméadú sa litir thosach chun trédhearcacht a chinntiú.

## 2.3. TORTHAÍ AN ATHBHREITHNITHE

Maidir le gach cuspóir, seo an méid a chlúdóidh an t-athbhreithniú:

- **measúnú** ar a éifeachtaí atá nósanna imeachta DC an tsoláthraí ó thaobh cáilíocht an oideachais, na hoiliúna agus na seirbhísí gaolmhara a fháil amach, a choinneáil agus a fheabhsú do chláir as a leanann dámhachtainí QQI
- aon bhearnaí braite i nósanna imeachta inmheánacha QQI **a shainaithint** agus measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht, inniúlacht agus tráthúlacht na mbeart atá beartaithe le hiad a leigheas
- **béim** a leagan ar éachtaí agus ar shamplaí de chleachtas éifeachtach, lena n-áirítear nuálaíochtaí i ndearbhú cáilíochta agus breisiú an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- **bonn eolais** a chur faoi fhorbairt leanúnach gníomhaíochtaí DC agus ar fheabhsúcháin laistigh de sholáthraithe aonair agus san earnáil i gcoitinne

Áireofar sa tuarascáil athbhreithnithe:

- ráiteas ar éifeachtacht fhoriomlán nósanna imeachta DC an tsoláthraí agus a mhéid a ndéantar iad a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú
- measúnú ar chomhlíonadh threoirlínte agus bheartais reachtúla DC QQI
- meastóireacht ar a éifeachtaí atá nósanna imeachta maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú (RAF) i ndáil le foghlaimeoirí agus a mhéid a chloíonn siad le ráiteas beartais QQI ar RAF
- trácht ar an gcaoi a dtacaíonn nósanna imeachta DC le gach céim de shaolré an chláir, ón bhforbairt agus ón mbailíochtú tosaigh go dtí an monatóireacht, an t-athbhreithniú agus an t-athbhailíochtú
- cleachtais éifeachtach agus moltaí feabhsúcháin a shainaithint. Féadfaidh ráitis choimhdeacha a bheith ag gabháil leo seo freisin

Breithneoidh Coiste QQI um Cheadú agus Athbhreithnithe (ARC) QQI tuairisc na foirne athbhreithnithe, an deimhniú ar chruinneas fíricí (más ann dó) agus freagra an tsoláthraí (más ann dó).  Tar éis é a bhreithniú, is féidir go n-eiseoidh an ARC treoracha

don soláthraí faoi alt 35 d'Acht 2012 (leasaithe) faoina gceanglófar feabhsuithe ar nósanna imeachta DC i gcás ina ndéantar easnamh a shainaithint[2].

## 2.4. IAR-OBAIR IAR-ATHBHREITHNITHE

Tar éis an t-athbhreithniú a cheadú agus a fhoilsiú:

- Ní mór don soláthraí plean feidhmithe cáilíochta (PCC) a chur isteach ina leagtar amach gníomhartha chun díriú ar mholtaí agus ar aon treoracha a eiseoidh QQI.
- Comhaontóidh QQI amlíne leis an soláthraí chun na bearta seo a chur i bhfeidhm. Tá an amlíne agus an próiseas leantach leagtha amach sa lámhleabhar athbhreithnithe.
- I gcás ina n-eiseofar treoracha, oibreoidh QQI leis an soláthraí chun plean gníomhaíochta a chomhaontú láithreach ina sonrófar céimeanna agus frámaí ama chun na saincheisteanna a sainaithníodh a réiteach.
- Má mheasann QQI nach leor an dul chun cinn, féadfaidh sé athbhreithniú fócasaithe a thionscnamh faoi Alt 34(1)(b) d'Acht 2012 (leasaithe) chun a chinneadh ar cheart ceadú nósanna imeachta DC an tsoláthraí a tharraingt siar[3].

2 Tugann Alt 35 d'Acht 2012 (leasaithe) an chumhacht do QQI treoracha ceangailteacha a eisiúint do sholáthraithe tar éis athbhreithniú ina gceanglaítear orthu feabhsuithe a dhéanamh ar ghnásanna DC i gcás ina ndéantar easnamh a shainaithint.

3 Mar atá leagtha amach in Beartas QQI maidir le hAthbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais, Féadfaidh QQI athbhreithniú fócasaithe a dhéanamh ar ghnásanna DC soláthraí mar fhreagairt ar imní a cuireadh faoina bhráid i ndáil le cur i bhfeidhm agus éifeachtacht nósanna imeachta DC soláthraí faoi alt 34(1)(b) d'Acht 2012 (leasaithe).

# 3. Próiseas an athbhreithnithe

Is é lámhleabhar athbhreithnithe CINNTE do sholáthraithe neamhspleácha agus príobháideacha (2026) a threoraíonn an próiseas athbhreithnithe. I gceist ann tá meascán d'anailís deascbhunaithe agus rannpháirtíocht ar an láthair chun socruithe DC an tsoláthraí a mheas i gcomparáid leis na cuspóirí atá leagtha amach sna téarmaí tagartha seo.

Is cuid lárnach den phróiseas príomhchuairt an athbhreithnithe, trína gcuirtear ar chumas na foirne athbhreithnithe casadh ar bhaill foirne, foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí seachtracha. De ghnáth, eagraítear príomhchuairt an athbhreithnithe ag áitreabh an tsoláthraí. I gcás nach féidir é seo a dhéanamh, comhaontófar socruithe malartacha le QQI.

## 3.1. FOIREANN AN ATHBHREITHNITHE

Ceapfaidh QQI foireann athbhreithnithe chun an t-athbhreithniú seachtrach a dhéanamh. Is éard a bhíonn i bhfoirne athbhreithnithe piar-athbhreithneoirí atá neamhspleách ar an soláthraí agus a roghnaítear dá saineolas ábhartha. Beidh an fhoireann comhdhéanta de:

- cathaoirleach atá ina cheannaire sinsearach a bhfuil taithí aige ar an ardoideachas agus/nó ar DC
- athbhreithneoir comhordaithe a bhfuil saineolas aige ar phróisis athbhreithnithe seachtracha agus ar chomhthéacs an tsoláthraí
- ionadaí foghlaimeora chun a chinntiú go gcuirtear dearcadh an fhoghlaimeora san áireamh

Féadfar athbhreithneoirí breise a cheapadh de réir mar is cuí agus déanfaidh QQI iarracht éagsúlacht laistigh den fhoireann a chinntiú. Féadfaidh feidhmeannas QQI gníomhú mar athbhreithneoir agus/nó ról an athbhreithneora chomhordaithe a chomhlíonadh.

Beidh deis ag an soláthraí trácht a dhéanamh ar an bhfoireann atá beartaithe chun aon choinbhleachtaí leasa a aithint, ach is ag QQI a bheidh an ceart comhdhéanamh na foirne a cheadú ar deireadh.

Tá róil agus freagrachtaí bhaill[4] na foirne athbhreithnithe mionsonraithe sa lámhleabhar athbhreithnithe.

4 Leagtar amach i Róil, Freagrachtaí agus Cód Iompraíochta QQI na dualgais agus na caighdeáin a mbítear ag súil leo ó shaineolaithe seachtracha atá bainteach le próisis DC QQI, trína gcinntítear iomláine ghairmiúil, neamhspleáchas agus iontaoibh an phobail sna meastóireachta oideachais agus oiliúna.

## 3.2. PRÓISEAS AGUS AMLÍNTE AN ATHBHREITHNITHE

Leagtar amach thíos na príomhchéimeanna i bpróiseas an athbhreithithe agus na hamlínte táscacha. Aontaíonn QQI dátaí ar leith do gach athbhreithniú agus fógraítear iad don soláthraí. Leagfaidh QQI iad seo amach i sceideal a fhoilseofar don athbhreithniú agus d'fhéadfaí iad a nuashonrú ina gcéimeanna.

| Céim | Gníomh | Tréimhse ama | Toradh |
|---|---|---|---|
| **CÉIM 1: Ullmhú** | | | |
| **Téarmaí Tagartha (TT)** | Dul i gcomhairle leis an soláthraí agus é a dheimhniú leis | 6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Na TT a fhoilsiú |
| **Fógairt an athbhreithnithe** | Litir thús an athbhreithnithe a eisiúint | 6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Déantar na socruithe don athbhreithniú a dheimhniú |
| **Ceaptar foireann an athbhreithnithe (FA)** | Dul i gcomhairle leis an soláthraí maidir le coinbhleachtaí leasanna féideartha. An FT a cheapadh. | 4-6 mhí roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Próifíl an FA a fhoilsiú |
| **Tuarascáil féinmheastóireachta** | An TF agus aon eolas breise a chur ar aghaidh chuig QQI | 8 seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | An TF a fhoilsiú |
| **Athbhreithniú deisce** | Déanann an FA athbhreithniú deisce ar an TF | Seachtain roimh an gcéad chruinniú den FA | Cuireann FA a chéad fhreagairt don TF ar fáil |
| **Seisiún mionteagaisc don FA (ar Microsoft Teams) 2 sheisiún (c. 60-90 nóim)** | Seisiún 1: An chéad chruinniú den FA, lena n-áirítear daoine a chur in aithne, oiliúint agus seisiún mionteagaisc d'athbhreithneoirí | 4 seachtaine tar éis scaipeadh an TF / 4 seachtaine roimh phríomhchuairt an athbhreithnithe | Oiliúint agus seisiún teagaisc don FA tugtha chun críche. |
| | Seisiún 2: Pléann an FA na chéad imprisin agus aithnítear aon doiciméid bhreise a bheidh ag teastáil | | Aithníonn an FA a príomhthéamaí agus aon doiciméid bhreise atá riachtanach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 2: Cruinniú Pleanála** | | | |
| **Cruinniú pleanála (ar Microsoft Teams) (thart ar 60 nóiméad)** | Pléann foireann an athbhreithnithe agus an soláthraí próiseas an TF, sceideal na príomhchuairte agus aon iarratais ar dhoiciméid bhreise | 3 seachtaine roimh príomhchuair an athbhreithnithe | Nóta aontaithe ar an gcruinniú pleanála. |
| **CÉIM 3: Príomhchuairt an Athbhreithnithe** | | | |
| **Príomhchuairt an Athbhreithnithe (cuairt phearsanta)** | Breithníonn an FA fianaise ar phróisis DC an tsoláthraí i gcomparáid leis na cuspóirí agus na critéir atá leagtha amach sna TT. | 8 seachtain tar éis an TF a fháil | Réamhthuairisc ghearr ó bhéal chuig an soláthraí |
| **CÉIM 4: Tuairisciú** | | | |
| **Tuarascáil - céim an dréachtaithe** | Ullmhaíonn an FT an dréacht-tuarascáil | 4 seachtaine tar éis phríomhchuairt an athbhreithnithe | Athbhreithníonn QQI an tuarascáil |
| | Déanann an soláthraí seiceáil ar chruinneas fhíricí na tuarascála | 6 seachtaine tar éis phríomhchuairt an athbhreithnithe | |
| | Freagraíonn an soláthraí aon cheartuithe cruinnis ar fhíricí (agus tosaíonn sé ag ullmhú a fhreagra) | Seachtain tar éis an dréacht-tuarascáil a fháil | |
| | Breithníonn an FA na ceartuithe cruinnis ar fhíricí agus tugtar an tuarascáil chun críche. | 2 seachtaine tar éis an fhreagra faoi chruinneas fíricí | |
| **Tuarascáil - freagairt an tsoláthraí** | Freagra an tsoláthraí a thaisceadh | Seachtain tar éis na tuarascála deiridh | Freagairt an tsoláthraí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Tuarascáil - torthaí** | Breithníonn QQI torthaí na tuarascála agus freagra agus an tsoláthraí trí phróisis rialachais | An chéad chruinniú eile atá ar fáil de Choiste Dámhachtainí agus Athbhreithnithe QQI (ARC) | Cinneadh foirmiúil mar gheall ar éifeachtúlacht nósanna imeachta DC. |
| | Foilsítear tuarascáil an athbhreithnithe mar aon le freagra an tsoláthraí | faoi réir cheadú ARC | Foilsítear an tuarascáil i leabharlann athbhreithnithe QQI |
| Cinntear an próiseas leantach bunaithe ar na torthaí sa tuarascáil agus de ghnáth áirítear leis plean feidhmiúchain a chur i dtoll a chéile mar aon le tuarascáil leantach ina dhiaidh sin. I gcásanna ina n-eisítear treoracha don soláthraí, féadfaidh gníomhartha níos sainiúla agus breise a bheith san áireamh sa tréimhse iar-oibre. | | | |
| **CÉIM 5: Iar-obair** | | | |
| **Iar-obair** | Cuireann an soláthraí a phlean feidhmithe cáilíochta (PFC) isteach chuig QQI. | 8 seachtain tar éis fhoilsiú na tuarascála | Foilsítear an tuarascáil i leabharlann athbhreithnithe QQI |
| | Cuireann an soláthraí tuarascáil iar-oibre ar aghaidh chuig QQI | 6 mhí tar éis na príomhchuairte athbhreithnithe | Foilsíonn QQI tuarascáil iar-oibre |
| | Leanúint den idirphlé le QQI chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus chun díriú ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn le linn na tréimhse iar-oibre | Leanúnach | |

# Aguisín A: Acmhainní úsáideacha

Breithnítear cur chun feidhme agus éifeachtúlacha shocruithe DC i bhfianaise an mhéid seo a leanas:

- misean agus fís an tsoláthraí féin, lena n-áirítear cuspóirí agus spriocanna DC
- Croí-Threoirlinte QQI um Dhearbhú Cáilíochta
- Treoirlínte Earnáil-Shonracha QQI maidir le Dearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha
- Alt 28 den Acht um Cháilíocht agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012
- Athráiteas Beartais agus Critéir QQI um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú maidir le Foghlaimeoirí do Sholáthraithe Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna.
- treoir do chláir nua ardoideachais agus oiliúna a bhailíochtú/a athbhailíochtú

D’fhéadfaí acmhainní breise a sholáthar i gcásanna ina sainaithnítear réimsí do bhreithniú speisialta.

# Aguisín B: Cuspóirí an athbhreithnithe sheachtraigh um dhearbhú cáilíochta

Leagtar amach i mBeartas QQI d'Athbhreithniú Timthriallach ar Institiúidí Ardoideachais cúig chuspóir le hathbhreithnithe seachtracha DC, atá leagtha amach sa tábla thíos:

| Cuspóir | Arna mbaint amach agus arna dtomhas trí |
|---|---|
| 1. Cultúr cáilíochta a mhisniú mar aon le breisiú na timpeallachta agus an eispéiris foghlama in institiúidí. | • béim a chur in athbhreithnithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an eispéireas foghlama.<br>• foinse fianaise a sholáthar maidir le réimsí feabhsúcháin agus réimsí le haghaidh leasú beartais agus athrú agus iar-obair a bhunú orthu<br>• cleachtais agus nósanna imeachta nuálacha agus éifeachtacha a iniúchadh<br>• cáilíocht chomh maith le DC laistigh den institiúid a iniúchadh<br>• treoirscéim maidir le modheolaíocht nua théamach d'athbhreithnithe |

| | |
|---|---|
| 2. Aiseolas a thabhairt d'institiúidí faoi cháilíocht ar fud na hinstitiúide agus faoi thionchar a misin, straitéise, rialachais agus bainistíochta ar cháilíocht agus ar éifeachtacht fhoriomlán a socruithe DC. | • béim a chur ar úinéireacht na cáilíochta agus an DC ar leibhéal na hinstitiúide<br>• an t-athbhreithniú a dhéanamh intuigthe don institiúid ar fad<br>• comhlíontacht na reachtaíochta, na mbeartas agus na gcaighdeán a mheas<br>• comhionannas coibhneasta le tagarmharcanna agus méadrachtaí atá sainaitheanta ag an institiúid a mheas<br>• béim a chur ar fheabhsú na nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta |
| 3. Cur le muinín an phobail i gcáilíocht sholáthar na soláthraithe neamhspleácha/ príobháideacha tríd an trédhearcacht agus feasacht phoiblí a chur chun cinn. | • cloí le cuspóirí, critéir agus torthaí atá soiléir agus trédhearcach<br>• timthriall athbhreithnithe tréimhsiúil a fhoilsiú<br>• téarmaí tagartha a fhoilsiú<br>• tuarascálacha agus torthaí athbhreithnithe a fhoilsiú in áiteanna agus i bhformáidí intuigthe do ghrúpaí agus do léitheoirí éagsúla<br>• próifílí cáilíochta institiúideacha gearra, éasca le léamh a fhoilsiú<br>• meastóireacht a dhéanamh mar chuid den athbhreithniú ar thuairisciú institiúideach ar cháilíocht agus ar DC chun a chinntiú go bhfuil sé trédhearcach agus intuigthe |
| 4. Tacú le feabhsú ar leibhéal na gcóras ar cháilíocht an ardoideachais. | • foilsiú tuarascálacha sionoptacha tréimhsiúla<br>• a chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht leordhóthanach sa chur chuige idir institiúidí comhchosúla chun inchomparáideacht agus foghlaim chomhroinnte a cheadú<br>• próifílí cáilíochta institiúideacha a fhoilsiú |

| | |
|---|---|
| 5. Cáilíocht a spreagadh trí mhodhanna agus comhairle oibiachtúla, bunaithe ar fhianaise a úsáid. | • saineolas athbhreithnitheoirí piaraí idirnáisiúnta, náisiúnta agus foghlaimeoirí atá neamhspleách ar an institiúid a úsáid<br>• a chinntiú go bhfuil na torthaí bunaithe ar fhianaise luaite<br>• institiúidí a éascú chun méadrachtaí agus tagarmharcanna cáilíochta a aithint atá ábhartha dá misean agus dá gcomhthéacs féin<br>• sainaithint agus scaipeadh i gcás samplaí de dhea-chleachtas agus den nuálaíocht a chur chun cinn |